Parlaimint na hEorpa

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

# Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú Chlár Trédhearcachta 2024

## Arna tíolacadh ag Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta

## do

## Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach

Tá tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta le cur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach.

Sa tuarascáil seo, leagtar amach faisnéis fhíorasach ar an gClár Trédhearcachta, ar a bhfuil ann agus ar aon athruithe ina leith in 2024. Tugtar tuairisc inti freisin ar na bearta coinníollachta agus ar na bearta trédhearcachta comhlántacha, atá i bhfeidhm sna hinstitiúidí is sínitheoirí san aon bhliain.

## Clár


I. Achoimre feidhmiúcháin ... 3

II. Réamhrá ... 3

III. Rialachas ... 4

IV. Bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachta comhlántacha ... 5

V. Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta ... 9

1. Faireachán ar cháilíocht sonraí ... 10
2. Seirbhís Deisce Cabhrach ... 14
3. Imscrúduithe ... 14
4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2024 ... 15
5. Treoraíocht agus múscailt feasachta ... 16
6. Forbairtí teicniúla ... 17
7. Iniúchadh CIE ar an gClár Trédhearcachta ... 17
8. Cinneadh an Ombudóra Eorpaigh i gcás 532/2023/FA ... 17

VI. Staidreamh ... 18

1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta ... 18
2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh dóibh ... 19
3. Sonraí geografacha ... 20
4. An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a cheadú ... 21

VII. Conclúidí ... 22

# I. Achoimre feidhmiúcháin

Bhain grinnscrúdú agus cuid mhór gníomhaíochta leis an gClár Trédhearcachta den athuair in 2024, agus leibhéal na formhaoirseachta poiblí méadaithe de bharr na dtoghchán Eorpach, roimh thimthriall institiúideach nua. Tháinig méadú eile ar úsáid an chláir mar uirlis faisnéise agus tagartha le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a dhéantar ar leibhéal an Aontais, mar a léirítear leis an méadú a tháinig ar iarratais ar chlárú bliain i ndiaidh bliana.

Cé go bhféadfadh sé gur glacadh sos beag ó ghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa sa 3ú ráithe den bhliain mar gheall ar an aistriú reachtach, chuir an sainordú nua tús le timthriall nua ionadaíochta sainleasa i leith institiúidí an Aontais, agus tháinig méadú mór ar líon na ndaoine atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta ag tarraingt ar dheireadh na bliana.

Mar uirlis tagartha poiblí, bítear ag dréim le cuid mhór ón gclár a mhéid a bhaineann le feidhmiúlachtaí agus iontaofacht a ábhair. In 2024, rinneadh ollchóiriú mór TF ar an suíomh gréasáin, agus cuireadh san áireamh sa phróiseas sin roinnt moltaí úsáideacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ón Ombudsman Eorpach faoi seach. Mar thoradh ar fheabhsuithe ar an mbonneagar TF, rinneadh ardán an Chláir Trédhearcachta níos simplí dá úsáideoirí, mar a léirítear leis an laghdú a tháinig ar líon na n-iarratí a rinne iarratasóirí agus nacláraithe ar an deasc cabhrach agus ar líon na bhfiosrúchán ón bpobal i gcoitinne.

Mhéadaigh Rúnaíocht an chláir an faireachán a rinne sí ar cháilíocht sonraí na gclárúchán a bhí ann cheana, lenar cumhdaíodh thart ar aon trian de dhaonra iomlán an chláir in 2024. Ag an am céanna, léirigh taithí riaracháin in 2024 go bhfuil cur amach níos fearr ag úsáideoirí an chláir ar an sásra gearán, rud a d’fhág go raibh imscrúduithe níos casta agus níos fiúntaí á ndéanamh agus gur cuidíodh le líon na ngearán ar léir go raibh siad do-ghlactha nó míchruinn a laghdú.

Leagtar amach na gníomhaíochtaí sin ar bhealach níos mionsonraithe sa tuarascáil.

# II. Réamhrá

Is é atá sa Chlár Trédhearcachta an phríomhuirlis tagartha don ionadaíocht sainleasa ar leibhéal an Aontais. Is bunachar sonraí é a ceapadh chun faisnéis atá cothrom le dáta a thabhairt don phobal faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a bhfuil sé d’aidhm acu tionchar a imirt ar phróisis reatha reachtóireachta agus cur chun feidhme beartais institiúidí an Aontais. Leis sin, tá taifead ar na leasanna a chuirtear faoi bhráid na n-institiúidí, cé a dhéanann ionadaíocht dóibh agus cé dóibh a ndéantar amhlaidh thar a gceann, cé na tionscnaimh reachtacha a spriocdhírítear orthu agus cé na hacmhainní a dhírítear ar na gníomhaíochtaí gaolmhara ó thaobh cúrsaí daonna agus airgeadais de.

Is é príomhuirlis an Aontais é chun ionadaíocht sainleasa thrédhearcach agus eiticiúil a chur chun cinn agus chun oscailteacht agus infheictheacht rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach an Aontais a mhéadú. Trí chlárú leis an gClár Trédhearcachta, geallann ionadaithe sainleasa cloí le cód iompair ina leagtar amach na rialacha agus na prionsabail eiticiúla agus iompraíochta atá le hurramú go hiomlán agus iad ag plé le hinstitiúidí an Aontais agus ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta i leith na n-institiúidí sin.

Tá an Clár Trédhearcachta á oibriú go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach, ar bhonn an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh (CII) a glacadh in 2021[1].

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, tá sa tuarascáil seo faisnéis fhíorasach ar an gClár Trédhearcachta, ar a bhfuil ann agus ar aon athruithe a rinneadh air le linn na tréimhse tuairiscithe. Tugtar forléargas inti freisin ar na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair sna hinstitiúidí is sínitheoirí.

## III. Rialachas

Struchtúr rialachais dé-leibhéil is ea struchtúr an Chláir Trédhearcachta: Bord Bainistíochta a dhéanann formhaoirseacht ghinearálta agus a thugann treoir ghinearálta, agus Rúnaíocht atá i gceannas ar bhainistiú laethúil an chláir.

Déanann an Bord Bainistíochta cur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a áirithiú. Tá sé freagrach as na riachtanais bhliantúla agus na tosaíochtaí bliantúla don Chlár Trédhearcachta a shainaithint, as an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta a ghlacadh agus as treoracha ginearálta a eisiúint don Rúnaíocht. Tá de chúram air freisin scrúdú a dhéanamh ar aon iarrataí ar athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta arna gcur i bhfeidhm ag an Rúnaíocht, agus cinneadh a dhéanamh orthu, tar éis imscrúdaithe.

Tá an Bord Bainistíochta comhdhéanta d'Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, Ard-Rúnaí na Comhairle agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin. Tagann siad le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus déanann gach Ard-Rúnaí acu cathaoirleacht air ar feadh téarma bliantúil. Bhí Ard-Rúnaí an Choimisiúin ina chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta in 2024; bhí a gcruinniú bliantúil acu an 19 Aibreán 2024, agus ghlac siad an tuarascáil bhliantúil don bhliain roimhe sin, an buiséad atá le teacht agus na tosaíochtaí don chlár.

San fhaireachán spriocdhírithe a dhéanann sí, tugann an Rúnaíocht treoir maidir leis an bpróiseas clárúcháin d'ionadaithe sainleasa, déanann sí faireachán agus fíorú ar incháilitheacht na n-iarratas agus seiceálann sí cáilíocht na faisnéise a chuireann na cláraithe ar fáil.

Bíonn sí ag plé le gearáin a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ar an gcód iompair arna ndéanamh ag cláraithe agus is féidir léi imscrúduithe a oscailt maidir le hincháilitheacht leanúnach na gcláraithe agus comhlíonadh an chóid iompair agus is féidir léi bearta a chur i bhfeidhm mura n-urramaítear é. Músclaíonn an Rúnaíocht feasacht faoin gClár Trédhearcachta (féach roinn V) agus tuairiscíonn sí ar a gníomhaíochtaí uile sa tuarascáil bhliantúil.

Tá an Rúnaíocht comhdhéanta de bhaill foirne ó na trí institiúid is sínitheoirí. In 2024 sheas sin ag 11 bhall foirne coibhéiseach lánaimseartha. Déanann Comhordaitheoir, a dhéanann formhaoirseacht ar oibríochtaí laethúla, ionadaíocht di ar an mBord Bainistíochta agus go poiblí. In 2024, ba é ceann an aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ard-Rúnaíocht na Comhairle a ainmníodh mar Chomhordaitheoir na Rúnaíochta.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le rialachas an Chláir Trédhearcachta le fáil sa roinn ina ndírítear ar Rialachas ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

---

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach, IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

## IV. Bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachta comhlántacha

Glacann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, trí bhíthin cinntí aonair, bearta coinníollachta trína mbíonn clárú sa Chlár Trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun ionadaithe leasa a bheith in ann príomhghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa áirithe a dhéanamh. Féadfaidh na trí institiúid bearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacadh freisin chun clárú a spreagadh a thuilleadh agus chun an creat comhpháirteach arna bhunú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a neartú.

Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, mar aon leis na Ballstáit i ndáil lena mbuanionadaíochtaí chuig an Aontas, fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi bhearta coinníollachta nó bearta trédhearcachta comhlántacha arna nglacadh acu agus a iarraidh go bhfoilseofaí iad sin ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

Tá bearta trédhearcachta i bhfeidhm cheana féin i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus i gCoiste Eorpach na Réigiún. In 2024, fuair an Rúnaíocht ceisteanna ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhí ag féachaint ar an bhféidearthacht sin.

Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit uile beart coinníollachta a chur i bhfeidhm le linn a nUachtaránachta ar an gComhairle agus sna 6 mhí roimh a nUachtaránacht ar an gComhairle, trína chur de choinníoll ar chruinnithe idir Buanionadaí agus Leas-Bhuanionadaí gach ceann acu chuig an Aontas agus ionadaithe leasa go gcláróidh an dara ceann acu sa Chlár Trédhearcachta.

Tá feidhm ag an mbeart coinníollachta sin maidir le cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar Uachtaránacht ghníomhach nó Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle[2]. Dá bhrí sin, ní féidir le hionadaithe leasa páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin mura mbíonn siad cláraithe. In 2024, bhí feidhm aige sin maidir leis an mBeilg[3] agus maidir leis an Ungáir[4] toisc go raibh siad i mbun Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus maidir leis an bPolainn[5] mar an Uachtaránacht inteachta.

An 15 Feabhra 2024, thug an Bheilg fógra don Bhord Bainistíochta faoi bhearta de chineál buan maidir le rannpháirtíocht a buanionadaíochta chuig an Aontas sa Chlár Trédhearcachta. Áirítear leis sin, ón 1 Iúil 2024, ceanglas ó Bhuanionadaí agus Leas-Bhuanionadaí na Beilge gan bualadh ach le hionadaithe leasa cláraithe amháin agus sonraí na gcruinnithe sin uile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na buanionadaíochta.

Tá liosta de na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta eile atá i bhfeidhm faoi láthair in institiúidí an Aontais ar fáil freisin ar leathanach tiomnaithe shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

2 https://transparency-register.europa.eu/document/download/0c791fb8-e64d-47cc-a3b0-175913788b7c_en?filename=Transparency%20register%20-%20Member%20states%27%20political%20declaration.EN_.pdf.

3 Trédhearcacht | FPS Gnóthaí Eachtracha — Trádáil Eachtrach agus Comhar um Fhorbairt. .

4 https://eu-brusszel.mfa.gov.hu/assets/31/82/25/ef443ff8e903be0cd88754c45fb9b53ce7fa0f0f.pdf.

5 https://www.gov.pl/web/eu/transparency.

*Parlaimint na hEorpa*

In 2024, áiríodh an méid seo a leanas i mbearta Pharlaimint na hEorpa lena gceanglaítear go gclárófaí ionadaithe sainleasa nuair a thugtar ardán dóibh ar áitreabh na Parlaiminte: rialacha maidir le himeachtaí, idirghrúpaí agus grúpálacha neamhoifigiúla na bhFeisirí, iar-Fheisirí agus rochtain fhadtéarmach ar an áitreabh.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach nó comheagrú imeachtaí a reáchtáiltear ar áitreabh na Parlaiminte ag brath ar chlárú roimh ré ar an gClár Trédhearcachta[6], rud a chiallaíonn nach mór aon ionadaí sainleasa a ghníomhaíonn in imeacht mar chainteoir, modhnóir nó aon ról gníomhach eile nó atá rannpháirteach ó thaobh lóistíochta, praiticiúla nó airgeadais de a chlárú. Tá feidhm ag na rialacha sin sa bhreis ar an mbeart coinníollachta atá bunaithe cheana lena gceanglaítear[7] go ndéanfaí cainteoirí ag éisteachtaí na gcoistí sa Pharlaimint a chlárú roimh an éisteacht.

Ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na n-idirghrúpaí agus na ngrúpálacha oifigiúla[8] ar áitreabh na Parlaiminte, trí thacaíocht a thabhairt dóibh, nó trí pháirt a ghlacadh ina n-imeachtaí nó trína gcomhreáchtáil. Tar éis bhunú na Parlaiminte tar éis na dtoghchán, tá idirghrúpaí nua curtha ar bun ag na Feisirí Eorpacha freisin. Tá an fhaisnéis a fhoilsíonn an Pharlaimint faoi na hidirghrúpaí sin le feiceáil ar an gClár Trédhearcachta agus is féidir le cláraithe a bheith trédhearcach maidir leis na grúpálacha a dtacaíonn siad leo.

Ag tús an téarma reachtaigh, chuir an Pharlaimint a beart coinníollachta i bhfeidhm freisin lena gceanglaítear ar iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa tréimhse mharana 6 mhí a urramú sula gcláraíonn siad agus sula dtéann siad i mbun gníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa le FPEnna atá ina suí[9]. Déanann an cód iompair do FPEnna maidir le macántacht agus trédhearcacht scáthántacht ar an riail úd[10].

Maidir le rochtain ar chinnteoirí chun críoch brústocaireachta, ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe iarratas a dhéanamh ar rochtain fhadtéarmach ar áitreabh na Parlaiminte[11]. An 31 Nollaig 2024, as na 13 118 eintiteas a bhí cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, bhí ionadaí creidiúnaithe amháin ar a laghad, ag a raibh cead dul isteach ar áitreabh na Parlaiminte, ag 2 620 acu.

An 31 Nollaig 2024, bhí 7 367 suaitheantas ghníomhacha ann. In 2024 tháinig feabhas mór ar an bpróiseas creidiúnúcháin le rolladh amach ardán nua na Parlaiminte maidir le hiarratais ar líne[12]. Mar a rinneadh roimhe seo, déantar ainmneacha na ndaoine a bhfuil creidiúnú acu chun dul isteach in áitreabh na Parlaiminte chun críoch ionadaíochta leasa thar ceann eintiteas cláraithe a fhoilsiú ar leathanach próifíle cláir an eintitis sin.

Ceanglaítear ar na FPEnna uile faisnéis ar a gcruinnithe sceidealaithe le hionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe idirinstitiúidigh a fhoilsiú ar líne[13]. Eadhon aon chruinniú a bhaineann leis an ngnó parlaiminteach (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht iomlánach nó díospóireacht phráinneach) a reáchtáiltear chun tionchar a imirt ar phróiseas ceaptha beartais nó próiseas cinnteoireachta na n-institiúidí Eorpacha, bíodh sé sin i bpearsa nó go cianda.

Bíonn feidhm ag an oibleagáid gan beann cibé acu a fhreastalaíonn na FPEnna féin ar an gcruinniú nó a fhreastalaíonn cúntóirí parlaiminteacha na bhFeisirí air thar a gceann. Tá na cruinnithe foilsithe nasctha le próifílí na gcláraithe faoi seach ar an gClár Trédhearcachta. Ón 31 Nollaig 2024 i leith, bhí 20 030 cruinniú fógartha ag na FPEnna do 2024. Agus a ról agus a sainordú sonrach á gcur san

6 Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2023
7 Airteagal 8 de Chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2024
8 Rialacha Nós Imeachta PE: Riail 35(5) agus 36(5).
9 Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2023.
10 Airteagal 9 den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.
11 Riail 126 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.
12 https://accredit.europarl.europa.eu/
13 Airteagal 7 den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

áireamh, moltar[14] nach mbuailfeadh na FPEnna ach leis na hionadaithe sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar rapóirtéirí 'dearbhú ar ionchur' a chur lena ndréacht-tuarascálacha nó lena ndréacht-tuairimí, ina liostaítear na heagraíochtaí nó na daoine óna bhfuair siad ionchur maidir le hábhair a bhaineann le hábhar an tionscnaimh[15].

Chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun clárú a spreagadh, seolann an Pharlaimint foláirimh uathoibríocha chuig cláraithe a bhfuil leas sonraithe acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sí fógra dóibh faoin obair atá déanta ag na coistí parlaiminteacha ábhartha.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí rialacha á dtarraingt suas ag an bParlaimint[16] chun ceangal a chur ar fhoireann bainistíochta na Parlaiminte bualadh le hionadaithe sainleasa cláraithe amháin agus chun faisnéis faoi na cruinnithe sin a fhoilsiú.

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

Mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle[17], ní mór ionadaithe leasa a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta chun go bhféadfaidís bualadh le hArd-Rúnaí na Comhairle nó leis na hArd-Stiúrthóirí.

Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe leasa, ina gcáil ghairmiúil, i seisiúin faisnéise théamacha arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle (i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht) nó mar chainteoirí ag ócáidí arna n-eagrú ag an Ardrúnaíocht.

In 2024, rinneadh iarracht le treoracha inmheánacha nua prionsabal na coinníollachta a chur chun feidhme a thuilleadh. Ón 1 Eanáir 2025 tá na himeachtaí sin cláraithe go hinmheánach. Cuirtear sainmhíniú leathan ar chruinnithe i bhfeidhm, arb é is aidhm dó 'aon teagmháil sceidealta le hionadaí leasa amháin nó níos mó, go pearsanta nó trí nasc cianda de chineál ar bith, bíodh sin in áitreabh na Comhairle nó ná bíodh, agus lena n-áirítear le linn misean' a chumhdach.

Ina theannta sin, cé nach gcumhdaítear teagmhálacha de chineál príobháideach nó sóisialta amháin ná cruinnithe neamhsceidealaithe nó spontáineacha, tugann na rialacha nua treoir don fhoireann staonadh ó phlé substainteach a dhéanamh maidir le ceapadh nó cur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó maidir le próisis chinnteoireachta na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle, in aon chruinniú mar sin.

Ina theannta sin, roimh aon chruinniú le haon ionadaithe leasa, iarrtar ar fhoireann uile Ardrúnaíocht na Comhairle dintiúir na n-ionadaithe leasa a sheiceáil chun a áirithiú go mbeidh iontráil ghníomhach acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil, ba cheart do na baill foirne sin measúnú cúramach a dhéanamh ar a iomchuí atá na cruinnithe agus dul i gcomhairle lena mbainisteoir líne[18].

---

[14] Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa (Riail 11(2)).
[15] Airteagal 8 den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa
[16] Glacadh na rialacha ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 2025.
[17] IO L 207, 11.6.2021, lch. 19.
[18] Nóta foirne 17/24 an 13 Nollaig 2024. Chomh maith leis sin, nóta Foirne CP 42/22.

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, ba cheart cuirí d'ionadaithe leasa chun freastal ar chruinniú den Chomhairle nó ar chruinniú dá comhlachtaí ullmhúcháin a bheith coinníollach ar iad a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

Ba cheart a n-uimhir chlárúcháin a thaifeadadh ar an gclár oibre sealadach. Sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, áirítear faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasa ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin[19].

*An Coimisiún Eorpach*

Ag tús a shainordaithe nua in 2024, rinne an Coimisiún bearta nua trédhearcachta, lenar neartaíodh a chóras inmheánach atá nasctha leis an gClár Trédhearcachta agus lenar leathnaíodh go suntasach an úsáid éigeantach a bhaineann sé as an gclár i ndáil le teagmhálacha idir a ionadaithe agus a fhoireann agus ionadaithe leasa (cláraithe).

Chuir an Coimisiún ceanglais maidir leis an gClár Trédhearcachta i bhfeidhm cheana féin ar Choimisinéirí, ar a gcomhaltaí comh-aireachta agus ar a nArd-Stiúrthóirí: ní cheadaítear dóibh sin ach bualadh le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta agus ní mór dóibh sonraí poiblí a sholáthar maidir le gach cruinniú mar sin[20].

An 4 Nollaig 2024, ghlac an Coimisiún Cinntí (AE) 2024/3081[21] agus (AE) 2024/3082[22] ón gCoimisiún, a bhfuil feidhm acu ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann. Leis sin, leathnaítear na ceanglais thuas maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa chuig foireann uile an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu, lena n-áirítear an (Leas-)Ardrúnaí, na (Leas-)Ard-Stiúrthóirí agus na Stiúrthóirí agus na Cinn Aonaid uile nó a gcoibhéis.

Ina theannta sin, tugann siad isteach oibleagáid miontuairiscí ar na cruinnithe uile a shealbhaíonn Coimisinéirí, comhaltaí dá gcomh-aireacht nó d'fhoireann bainistíochta an Choimisiúin le hionadaithe sainleasa (cláraithe) a ghlacadh agus a fhoilsiú.

In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún faisnéis faoi chruinnithe[23] a tionóladh le 1980 cláraí. Thionóil na cláraithe sin 1693 chruinniú le Coimisinéirí agus/nó comhaltaí dá gcomh-aireachtaí agus 673 chruinniú le hArd-Stiúrthóirí sa Choimisiún[24].

---

[19] Treoirlínte maidir le freastal ócáideach tríú páirtithe, lena n-áirítear ionadaithe leasa, ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin, an 22 Iúil 2021.

[20] Leagtar síos na hoibleagáidí sin do Choimisinéirí agus dá gcomh-aireachtaí in Airteagal 7 den Chinneadh ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh (C(2018)700)) (IO C 65, 21.2.2018, lch. 7). Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foilsiú ó 2014.

[21] Cinneadh (AE) 2024/3081 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir Comhaltaí an Choimisiúin agus ionadaithe leasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/839/AE, Euratom, IO L, 2024/3081, 5.12.2024.

[22] Cinneadh (AE) 2024/3082 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir foireann an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu agus ionadaithe leasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/838/AE, Euratom, IO L, 2024/3082, 5.12.2024.

[23] Is éard atá sna sonraí sin dáta an chruinnithe, suíomh an chruinnithe, ainm an Choimisinéara agus/nó ainm an chomhalta den chomh-aireacht nó ainm an Ard-Stiúrthóra, ainm an ionadaí leasa agus ábhar an chruinnithe. Foilsítear iad laistigh de 2 sheachtain ón gcruinniú a bheith ar siúl. Mar a luadh, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ceanglaítear ar fhoireann bainistíochta uile an Choimisiúin an fhaisnéis sin a fhoilsiú freisin.

[24] Féadfaidh an t-aon chláraí páirt a ghlacadh i níos mó ná aon chruinniú amháin.

Sa bhreis ar í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[25], cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil freisin mar liosta cruinnithe ar leathanaigh na gcláraithe lena mbaineann sa Chlár Trédhearcachta. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún tacair sonraí chomhdhlúite de chruinnithe a tionóladh ar an tairseach sonraí Eorpach, ar fáil go poiblí, i bhformáid atá inléite ag meaisín agus Excel. Leis sin bíonn rochtain ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal ar fhaisnéis chuimsitheach ar furasta í a phróiseáil chun an fhaisnéis ábhartha a bhaint..

Ní cheapann an Coimisiún ach ionadaithe leasa cláraithe ar ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin i gcomhréir lena rialacha inmheánacha[26]. Tá feidhm ag an gceanglas sin (réamhchlárú) maidir le comhaltaí de Chineál ‘B’[27] agus de chineál ‘C’[28] araon. Má chuirtear na comhaltaí sin ar fionraí nó má bhaintear den Chlár Trédhearcachta iad, cuireann an Coimisiún ar fionraí iad ó na grúpaí saineolaithe ar a suíonn siad, go dtí go mbíonn siad cláraithe athuair.

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, seolann an Coimisiún foláirimh uathoibríocha do chláraithe a bhfuil sonraithe acu go bhfuil leas acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sé fógra dóibh faoi chomhairliúcháin phoiblí nó treochláir a bheith á seoladh sna réimsí sin. Déantar aighneachtaí ó chláraithe ar na cleachtaí comhairliúcháin seo a phróiseáil ar leithligh ó aighneachtaí na bhfreagróirí neamhchláraithe freisin[29]. Is féidir teacht ar na haighneachtaí sin ar leathanaigh na gcláraithe sa chlár.

## V. Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta

Chinn an Bord Bainistíochta na tosaíochtaí bliantúla seo a leanas don Chlár Trédhearcachta le haghaidh 2024:

- a áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le cáilíocht sonraí trí na gníomhaíochtaí faireacháin a mhionchoigeartú, chun scagadh saincheaptha ábhair a áireamh sa chlár, lena n-áirítear idirghabhálaithe nó cláraithe neamhthráchtála a d’fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí eachtrannacha

  tionchar ar cheapadh beartais an Aontais;
- teicneolaíocht úrscothach don chlár, trí ghnéithe breise a thabhairt isteach chun an uirlis TF a nuachóiriú agus í a chur in oiriúint do cheanglais inrochtaineachta agus amharc-aithne;
- agus breis gníomhaíochtaí múscailte feasachta;
- sineirgí le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear páipéar machnaimh maidir le cur chun feidhme Airteagal 11 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, chun bonn a chur ar fáil chun a rannpháirtíocht sa Chlár Trédhearcachta a éascú.

D’oibrigh an Rúnaíocht ar na tosaíochtaí bliantúla sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí sheiceáil níos déine a dhéanamh ar iarratais nua, trí chúnamh leanúnach ón deasc chabhrach agus trí roinnt feabhsuithe a thabhairt isteach ar an ardán TF, i gcomhar lena ghníomhaíochtaí laethúla, a shonraítear thíos.

[25] Go háirithe, an leathanach gréasáin trédhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhaltaí an Choimisiúin, agus an leathanach gréasáin trétdhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin faoi seach.

[26] Airteagal 8 de Chinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus feidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin (C(2016) 3301).

[27] Daoine aonair a cheaptar chun ionadaíocht a dhéanamh do leas coiteann atá ag páirtithe leasmhara i réimse beartais ar leith.

[28] Eagraíochtaí sa chiall is leithne, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí dlí agus comhairleachtaí.


[29] Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr (SWD(2017)350), go háirithe Caibidil VII de na Treoirlínte maidir le Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara.

## 1. Faireachán ar cháilíocht sonraí

Foilsíonn an Clár Trédhearcachta faisnéis faoi ghníomhaíochtaí brústocaireachta reatha ag ionadaithe sainleasa a bhaineann le timthriallta beartais agus próisis chinnteoireachta institiúidí an Aontais a fhoirmliú nó a chur chun feidhme le déanaí. Áirítear leis sin sonraí sonracha maidir leis na príomhthograí reachtacha nó na príomhbheartais ar a ndírítear. Dá thoradh sin, tá na sonraí ag athrú go leanúnach, agus roinnt ionadaithe sainleasa ag clárú ar feadh tréimhse ghairid amháin agus cuid eile acu ag fanacht sa bhunachar sonraí ar feadh tréimhse níos faide.


Trí chlárú, aontaíonn ionadaithe sainleasa faisnéis iomlán, cothrom le dáta, chruinn nach bhfuil míthreorach a chur ar fáil nuair a chláraíonn siad. I ndeireadh na dála, is iadsan a bheidh freagrach as cruinneas a gcuid sonraí clárúcháin. Ba cheart do chláraithe athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear a luaithe a tharlaíonn aon athruithe móra agus ní mór dóibh a gclárú a nuashonrú uair sa bhliain ar a laghad chun fanacht ar an liosta. Iarrtar orthu é a nuashonrú dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Ceann de phríomhchúraimí na Rúnaíochta is ea a n-oibleagáidí a chur i gcuimhne do chláraithe agus a áirithiú go bhfuil na sonraí sa Chlár Trédhearcachta ar an gcáilíocht is airde. In 2024, mar chuid dá gníomhaíochtaí faireacháin ginearálta, sheiceáil an Rúnaíocht 7977 n-eintiteas[30] san iomlán a rinne iarratas ar chlárú nó a cuireadh isteach sa chlár cheana féin. Is ionann sin agus méadú 3.5 % ar líon na seiceálacha a rinneadh an bhliain roimhe sin.




Is é a bhí sna seiceálacha sin scagadh a rinneadh ag céim an iarratais, seiceálacha spriocdhírithe cáilíochta ar na sonraí a sholáthair eintitis a bhí cláraithe cheana agus aon seiceálacha breise a rinneadh i gcomhthéacs nósanna imeachta imscrúdaithe.


[30] Rinneadh níos mó ná seiceáil amháin ar roinnt eintiteas in 2024 agus, dá bhrí sin, b'airde an líon iomlán seiceálacha.




**Céim an Iarratais**

Tháinig méadú beag ar líon iomlán na gcláraithe in 2024[31]. Mar sin féin, mar gheall ar líon ard na gcláraithe nua, tá feabhas tagtha freisin ar cháilíocht na faisnéise atá ar fáil sa chlár. Déanann an Rúnaíocht measúnú ar incháilitheacht na n-iarratas nua uile ar chlárú, agus ar cháilíocht sonraí na n-iarratas sin, sular féidir iad a ghníomhachtú agus a fhoilsiú ar an gClár. Cuidíonn sin le feabhas a chur ar ábharthacht agus comhsheasmhacht na sonraí a sholáthraítear. In 2024, fuarthas 3 536 iarratas (beagnach 10 gcinn in aghaidh an lae), méadú 4 % ar an mbliain roimhe sin agus dearbhú go bhfuil an treocht ag dul in airde ó 2023.

Astu sin, glacadh le 2 482 (70 %) agus gníomhachtaíodh iad tar éis an phróisis seiceála tosaigh chun incháilitheacht iarratasóirí a shuí, próiseas dá dteastaíonn nuashonruithe nó ceartúcháin ó na hiarratasóirí i bhformhór na gcásanna.





31 12 425 an 31 Nollaig 2023 agus 13 118 an 31 Nollaig 2024.

**Seiceálacha spriocdhírithe**


Chomh maith le hathbhreithniú laethúil a dhéanamh ar iarratais nua, glacann an Rúnaíocht cur chuige spriocdhírithe, go háirithe i gcás ina bhfuil cúis aici lena chreidiúint nach dtugtar sna clárúcháin an fhaisnéis is gá go cruinn, nó de réir a tosaíochtaí bliantúla socraithe.

In 2024 rinne an Rúnaíocht 4 441 sheiceáil cáilíochta spriocdhírithe san iomlán ar chlárúcháin a bhí ann cheana.




Díobh sin:

- sholáthair 3 689 gcláraí a seiceáladh cáilíocht sonraí shásúil (83 %), ón tús (seiceáladh 2 147 gclárúchán, nó 48 % díobh), nó tar éis don Rúnaíocht a mholadh dóibh nuashonrú a dhéanamh (1 542 chlárúchán nó 34 %);
- baineadh 439 gcláraí den chlár tar éis na teagmhála leis an Rúnaíocht, mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mar gheall ar mhainneachtain nuashonrú a dhéanamh (10%);
- bhí 313 fós ar feitheamh ag deireadh 2024 (7 %).




In 2024, leanadh den treocht i dtreo cáilíocht fhoriomlán fheabhsaithe sonraí, agus d'fhan an dá mhéadracht seo a leanas cobhsaí, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin: sciar na gclárúchán lena soláthraítear cáilíocht shásúil sonraí tráth na seiceála; agus an sciar a baineadh den chlár mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mar gheall ar mhainneachtain nuashonrú a dhéanamh.

Tá an t-athrú bliain ar bhliain don dá mhéadracht cothromaithe go mór (go dtí níos lú ná 1 %) tar éis dó a bheith ag feabhsú go mór le blianta. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar an gclár a bheith tagtha chun aibíochta agus na cláraithe a bheith níos mó i dtaithí ar na ceanglais faisnéise agus iad a bheith dearfach ar an iomlán maidir le faireachán agus treoraíocht na Rúnaíochta.

Le seiceálacha spriocdhírithe ní mór díriú go háirithe ar chlárúcháin ar braitheadh neamhréireachtaí iontu nó inar braitheadh fadhbanna nó inar dócha go bhfuil fadhbanna leo. Mar chuid dá tosaíocht bhliantúil maidir le faireachán saincheaptha a dhéanamh ar an gclár, rinne an Rúnaíocht seiceálacha cáilíochta spriocdhírithe ar gach cláraí a chuir leasanna a gcliant (idirghabhálaithe) chun cinn agus ar gach eintiteas neamhthráchtála a d'fhéadfadh gníomhú chun tionchar eachtrach a imirt ar cheapadh beartais an Aontais (i.e. iad siúd atá bunaithe lasmuigh den Aontas).

Cuireadh béim ar leith ar na hidirghabhálaithe chun a áirithiú go raibh siad go hiomlán ar an eolas faoin gceanglas na cliaint uile dá ndéanann siad na gníomhaíochtaí a chumhdaítear a liostú, lena n-áirítear go háirithe aon údarás poiblí tríú tír (nach údaráis de chuid an Aontais iad)[32]. Ba cheart d'idirghabhálaithe a áirithiú freisin go mbeidh a gcliaint cláraithe i gcónaí sa chlár trédhearcachta (ach amháin i gcás inar rialtais/údaráis phoiblí iad sin) agus go n-áireoidh a gcliaint iad go comhsheasmhach freisin mar a n-idirghabhálaí ina gclárúcháin féin[33].

Rinne an Rúnaíocht seiceáil chuimsitheach ar na clárúcháin sin, rinne sí cros-seiceáil le dearbhuithe na gcliant, agus chuaigh sí i dteagmháil le gach cláraí lena mbaineann. Bhí an cleachtadh sin

32 Féach pointe (d) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú Idirinstitiúideach.
33 Faoi phointe (j) den chód iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

tábhachtach ó thaobh cáilíocht sonraí agus múscailt feasachta de. Léiríodh sna torthaí uaidh freisin, cé go bhfuil roinnt faisnéise sa chlár trédhearcachta maidir le hionadaíocht agus tionchar leasa tríú tír, i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den Chomhaontú Idirinstitiúideach[34], nach uirlis iomchuí é an clár chun tionchar eachtrach a rianú agus a thomhas nó chun cur isteach eachtrach a ghabháil.

## 2. Seirbhís Deisce Cabhrach

Soláthraíonn an Rúnaíocht seirbhís deisce cabhrach chun gach cineál ceiste faoin gClár Trédhearcachta a fhreagairt trí shuíomh gréasáin ilteangach, atá inrochtana d'iarratasóirí agus do chláraithe agus don phobal. Tá sé d'aidhm ag an Rúnaíocht cúnamh a thabhairt a thapa is féidir, agus is iondúil go dtugann sí freagra taobh istigh de 48 n-uair an chloig.

In 2024, thug an Rúnaíocht freagra ar 1 834 fhiosrúchán, a chuimsigh iarrataí ó pháirtithe leasmhara, ó thaighdeoirí agus ó dhaoine aonair ar fhaisnéis faoin gClár Trédhearcachta, mar aon le hiarrataí ó iarratasóirí agus ó chláraithe, le linn an phróisis cláraithe nó nuair a bhí deacrachtaí teicniúla acu, ar thacaíocht theicniúil agus ar threoir.

Tháinig laghdú suntasach ar líon na gceisteanna a fuarthas in 2024, ar toradh é ar uasghrádú chóras TF an Chláir Trédhearcachta i mí Aibreáin 2024, rud a fhágann go bhfuil sé i bhfad níos soláimhsithe don úsáideoir[35].

## 3. Imscrúduithe

Sa bhreis ar fhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí sa Chlár Trédhearcachta, láimhseálann an Rúnaíocht gearáin a dhéantar agus déanann sí imscrúduithe féintionscnaimh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Agus an méid sin á dhéanamh aici, gníomhaíonn sí i gcomhréir le bunphrionsabail na comhréireachta agus an dea-riaracháin.

Tagraíonn 'gearán' do nós imeachta a bhaineann le líomhaintí a dtarraingítear aird na Rúnaíochta orthu maidir le mainneachtain cláraí an cód iompair a chomhlíonadh. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann na líomhaintí sin i gcoinne cláraí, féadfaidh sé gearán a thaisceadh leis an Rúnaíocht tríd an bhfoirm ghearáin ábhartha ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta a líonadh agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar.

Tagraíonn 'imscrúdú féintionscnaimh' do nós imeachta trína ndéanann an Rúnaíocht scrúdú féachaint an bhfuil cláraí ar leith incháilithe chun fanacht ar an gclár, i bhfianaise na faisnéise arna fáil nó arna sainaithint, i ngeall ar easpa gníomhaíochtaí ábhartha nó an cód iompair gan a bheith á chomhlíonadh.

In 2024, dhún an Rúnaíocht 3 imscrúdú ar ghearáin a bhí ar feitheamh ón mbliain roimhe sin, a raibh ceann amháin acu neamh-inghlactha. Bhain an dá ghearán eile le gníomhaíochtaí cumarsáide agus ballraíocht meithleacha machnaimh a áireamh go comhsheasmhach i gcostais bhrústocaireachta do na cláraithe. Sholáthair an bheirt chláraithe lena mbaineann faisnéis shásúil agus nuashonraigh siad a gclárú de réir moltaí a rinne an Rúnaíocht.

San aon bhliain sin, fuair an Rúnaíocht 23 ghearán nua. Díobh sin, fuarthas go raibh naoi gcinn díobh neamh-inghlactha, toisc nár bhain siad le hábhair a chumhdaítear leis an gClár Trédhearcachta (e.g. casaoidí pearsanta nó gearáin maidir le tomhaltóirí a seoladh go dtí an faighteoir mícheart) nó toisc nár chomhlíon siad na critéir inghlacthachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

Cuireadh trí ghearán isteach i mí na Nollag 2024, agus i gcás dhá cheann de na cásanna sin, ní dhearnadh cinneadh maidir le hinghlacthacht faoi dheireadh na bliana. Den 12 ghearán inghlactha

---

34 Pointe (d) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú Idirinstitiúideach

35 In 2023, thug an Rúnaíocht freagra ar 2 567 gceist agus iarraidh.

eile, cuireadh clabhsúr ar thrí cinn díobh in 2024 agus toradh dearfach orthu ó thaobh comhar iomlán na gcláraithe i dtrácht.

Bhí na 9 ngearán inghlactha eile fós faoi imscrúdú ag deireadh na bliana. Bhain na gearáin inghlactha go léir le líomhaintí ar a laghad nár chomhlíon na cláraithe lena mbaineann pointe (f) den chód iompair, ó thaobh chruinneas agus iomláine na faisnéise a soláthraíodh sa chlárú, in éineacht go minic le líomhaintí maidir le neamhchomhlíonadh féideartha pointí eile den chód. I gcás nár bhain cásanna ach le pointe (f) den chód, réitíodh iad nuair a nuashonraigh na cláraithe an fhaisnéis laistigh den sprioc-am 20 lá oibre, agus cuireadh clabhsúr orthu iad laistigh de 2 mhí.

Bhain cásanna eile le líomhaintí nár comhlíonadh pointe (b) den chód, ar dá réir go gcaithfidh cláraithe na cliaint nó na comhaltaí a ndéanann siad ionadaíocht dóibh a shonrú. Le grinn-imscrúdú amháin, rinneadh iniúchadh ar a mhéid ba ghá d'eagraíochtaí, d'ardáin agus do chomhlachtaí ionadaíocha eile na comhaltaí go léir dá ndéanann siad ionadaíocht a dhearbhú (i.e. na comhaltaí sin nach bhfuil ionadaíocht á déanamh dóibh ach ar leibhéal an Aontais amháin nó na comhaltaí uile i gcoitinne) agus foirm na hionadaíochta sin (i.e. sa chlárú trí nasc chuig a suíomh gréasáin féin).

Rinneadh na treoirlínte d'iarratasóirí agus do chláraithe a nuashonrú in 2024, chun a shoiléiriú nach mór gach comhalta, gan beann ar an gcomhthéacs, a dhearbhú. I ndáil le pointe (j) maidir leis an gcaidreamh idir cliant agus idirghabhálaí, ó thaobh ionchais an phobail de, is léir go bhfuil imní ann faoi na bunleasanna arna gcur chun cinn ag aon eagraíocht ar leith, bunleasanna nach mór a dhearbhú go soiléir agus go comhsheasmhach sa chlárú.

Chuige sin, mar chuid de na gníomhaíochtaí faireacháin in 2024, rinne an Rúnaíocht iarracht a chur i bhfios, i gcomhthéacs an chaidrimh idir an cliant agus an t-idirghabhálaí, nach mór an dá pháirtí i gcaidreamh mar sin a iontráil sa chlár agus nach mór na dearbhuithe comhfhreagracha a bheith comhsheasmhach.

Agus imscrúdú á láimhseáil aici, féachann an Rúnaíocht i gcónaí le hidirphlé cuiditheach a áirithiú leis an gcláraí ábhartha nó leis na cláraithe ábhartha, chun na fadhbanna arna sainaithint a shoiléiriú agus a réiteach a mhéid is féidir, sula ndéanfaidh sí aon bhearta is gá. Sa chomhthéacs sin, thionóil an Rúnaíocht ceithre chruinniú le triúr cláraithe lenar bhain imscrúduithe, arna iarraidh sin dóibh, faoi phointe 5.2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. In 2024, níor mheas an Rúnaíocht gur ghá bearta faoi phointe 8 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a chur i bhfeidhm maidir le cláraí.

Chuir an Rúnaíocht tús le himscrúdú féintionscnaimh amháin a bhí dírithe ar bheirt chláraithe atá gníomhach i dtionscal an bhia, imscrúdú a dúnadh faoi dheireadh na bliana. D'fhéach an Rúnaíocht ar iompar míchuí féideartha a líomhnaítear a tharla mar chuid de ghníomhaíochtaí na gcláraithe sin agus, tar éis an imscrúdaithe, bhí sí in ann a shoiléiriú leis na páirtithe lena mbaineann gur urramaíodh an cód iompair.

## 4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2024

D'ullmhaigh an Rúnaíocht an ceathrú cruinniú den Bhord Bainistíochta, a tionóladh an 19 Aibreán 2024. Ag an gcruinniú sin, rinne an Bord Bainistíochta na cinntí seo a leanas:

- rinne sé téarma cheann an aonaid atá freagrach as saincheisteanna trédhearcachta ag Rúnaíocht Ghinearálta na Comhairle a athnuachan mar 'Comhordaitheoir ar an Rúnaíocht' go ceann aon bhliain amháin (an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025);
- treoirlínte a ghlacadh maidir le cur chun feidhme Airteagal 11 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, arna n-ullmhú ag an Rúnaíocht, agus d'iarr sé go ndéanfaí iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta;

- rinne sé tuarascáil bhliantúil 2023 a ghlacadh, d'aontaigh sé í a chur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí agus í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta;
- chinn sé na tosaíochtaí bliantúla don Chlár in 2025, mar aon leis na meastacháin bhuiséid agus an sciar den bhuiséad le haghaidh gach institiúide is sínitheoir[36];
- ba dhíol sásaimh di an dul chun cinn agus an méid a baineadh amach, go háirithe seoladh an tsuímh gréasáin nua agus na huirlise tacaíochta TF, sa chéad athchóiriú mór ar an gclár ó seoladh é breis agus 10 mbliana ó shin;
- leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chleachtadh maidir le cáilíocht sonraí, tar éis timthriall faireacháin iomlán de chlárúcháin 'oidhreachta' a chur i gcrích go luath in 2024, ar timthriall é a aistríodh tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh;
- thug siad dá n-aire na hionchais mhéadaithe a cuireadh ar an gClár Trédhearcachta mar phríomhuirlis trédhearcachta de chuid institiúidí an Aontais agus na moltaí agus na tuairimí a thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an tOmbudsman Eorpach, sna céimeanna chun an clár a fheabhsú agus a oibriú a thuilleadh.

Déantar na doiciméid uile a bhaineann le cruinniú an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe, a fhoilsiú ar roinn rialachais shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

## 5. Treoraíocht agus múscailt feasachta

Eisíonn an Rúnaíocht treoraíocht chun ceanglais áirithe den Chomhaontú Idirinstitiúideach a shoiléiriú agus a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe. Eascraíonn an treoraíocht sin as malartuithe rialta le páirtithe leasmhara agus tá sé d'aidhm aici cabhrú le cláraithe faisnéis chruinn a sholáthar agus ghnáthbhotúin a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, nuashonraigh an Rúnaíocht a treoirlínte d'iarratasóirí agus do chláraithe le treoraíocht bhreise maidir le faisnéis faoi bhallraíocht agus cleamhnacht, mar obair leantach ar na malartuithe ábhartha a reáchtáladh leis an Ombudsman Eorpach (féach faoi (8) thíos).

Ina theannta sin, i gcomhréir leis na tosaíochtaí bliantúla atá socraithe aici, d'eisigh an Rúnaíocht treoirlínte mionsonraithe maidir le hAirteagal 11 den Chomhaontú Idirinstitiúideach a chur chun feidhme chun bearta atá nasctha leis an gclár a bheith á nglacadh ag institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais a éascú.

Agus a gníomhaíochtaí faireacháin á ndéanamh aici, féadfaidh an Rúnaíocht a iarraidh ar eintitis clárú sa Chlár Trédhearcachta, i gcás inarb ábhartha. Déanann an Rúnaíocht gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta rialta chun an uirlis a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara. In 2024, áiríodh air sin seisiúin faisnéise agus malartuithe a reáchtáladh le páirtithe leasmhara éagsúla[37] agus le mic léinn/taighdeoirí ollscoile chomh maith le teagmhálacha agus malartú dea-chleachtas le comhlachtaí comhchosúla ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach[38].

---

[36] I gcás na bliana 2025, tá na meastacháin bhuiséid le fáil ar an suíomh gréasáin seo. Comhaontaíodh na sciartha seo a leanas: An Coimisiún: 57 %; An Pharlaimint: 33 %; An Chomhairle: 10 %.

[37] LobbyControl/ Corporate Europe Observatory.

[38] Buanionadaíocht na hÍsiltíre chuig an Aontas Eorpach, ECFE, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, Líonra na gCláraitheoirí Eorpacha Brústocaireachta (ELRN), KU Leuven, MEPP Leuven, Ollscoil Mheiriceá EPPAI, Ollscoil Stirling, Ollscoil Maastricht, Escuela de Gobierno y Asuntos Públicos; Ollscoil Lusófona, Ollscoil Erasmus Rotterdam, Clár Feidhmiúcháin Politico um Ghnóthaí Poiblí, Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chearta an Duine).

Reáchtáil na trí institiúid go leor gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir leis an gClár Trédhearcachta i ngach institiúid, trí sheisiúin faisnéise agus oiliúna spriocdhírithe do chomhaltaí agus do bhaill foirne[39].

## 6. Forbairtí teicniúla

Comhordaíonn an Rúnaíocht forbairt réiteach TF chun feabhas a chur ar an gClár Trédhearcachta. In 2024, d'fhéach an Rúnaíocht le trédhearcacht agus úsáideacht shuíomh gréasáin poiblí an Chláir a mhéadú a thuilleadh. Chuige sin, sheol sí suíomh gréasáin nua an Chláir Trédhearcachta (an chéad ollchóiriú ar an gclár ó cuireadh tús leis breis agus 10 mbliana ó shin).

Sheol an Rúnaíocht ardán digiteach nua an Chláir Trédhearcachta chun dul in oiriúint do chaighdeáin teicneolaíochta agus slándála faisnéise chomhaimseartha agus chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú. Tháinig an uirlis TF nua in ionad bhonneagar teicneolaíochta reatha an chláir agus cuimsíonn sí leagan nua de shuíomh gréasáin poiblí an Chláir Trédhearcachta, mar aon le timpeallachtaí cúloifige nua. Tá an leagan nua den Chlár Trédhearcachta beo ó mhí Aibreáin 2024.

## 7. Iniúchadh CIE ar an gClár Trédhearcachta

D'eisigh CIE a tuarascáil iniúchóireachta speisialta maidir leis an gClár Trédhearcachta i mí Aibreáin 2024 ina ndearnadh moltaí áirithe agus inar leagadh síos spriocdháta cur chun feidhme do mhí Iúil nó do dheireadh 2025. Thug 3 institiúid an iniúchaí a chuimsíonn an Clár Trédhearcachta a bhfreagraí oifigiúla ar an tuarascáil iniúchóireachta. Cuireadh an tuarascáil iniúchóireachta speisialta agus na freagraí ó na hinstitiúidí ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí[40].

## 8. Cinneadh an Ombudóra Eorpaigh i gcás 532/2023/FA

Go luath in 2024, ghlac an tOmbudsman cinneadh lenar cinneadh go raibh drochriarachán i gceist agus ina ndearnadh moltaí faoin gcaoi a bhféadfadh an Rúnaíocht feabhas a chur ar an tslí a ndéanann sí imscrúduithe ar ghearáin[41].

Thug na trí institiúid a chuimsíonn an Rúnaíocht a bhfreagraí foirmiúla inar tugadh aghaidh ar na moltaí sin i mí Mheán Fómhair 2024. Go háirithe, rinne an Rúnaíocht athbhreithniú ar a treoirlínte d'iarratasóirí agus do chláraithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar faoi cheannteideal 12 ('Ballraíocht agus cleamhnacht') agus an ceannteideal comhfhreagrach san fhoirm iarratais/chlárúcháin, d'fhonn léiriú níos cruinne a thabhairt ar struchtúr na bpointí faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach[42] agus tuiscint níos soiléire a éascú ar an bhfaisnéis a cheanglaítear ar iarratasóirí agus ar chláraithe faoi na pointí sin.

---

Áirítear air sin 64 sheisiún faisnéise maidir le hionadaíocht leasa d'Fheisirí, don fhoireann agus do chúntóirí creidiúnaithe i
bParlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún deich seisiún oiliúna den chineál sin ar fáil dá fhoireann féin freisin, chomh maith le
cuir i láthair saincheaptha d'oifigí príobháideacha na gCoimisinéirí agus dá líonra pointí teagmhála trédhearcachta agus eitice.
Sa Chomhairle, tugadh faoi shraith gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta chun an Comhaontú Idirinstitiúideach a mhíniú
agus cur chun feidhme praiticiúil Chinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle, go háirithe le haghaidh bainisteoirí.

[40] Tuarascáil speisialta 05/2024:Clár Trédhearcachta an Aontais | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
[41] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/opening-summary/ga/168956
[42] Pointí (h) agus (i) de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le IIA.


Dhún an tOmbudsman an cás trína chur in iúl gur díol sásaimh iad na gníomhaíochtaí nithiúla a rinne an Rúnaíocht chun cur chun feidhme éifeachtach a moltaí a áirithiú.

# VI. Staidreamh


## 1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta

Ón uair a bunaíodh é mar bhunachar sonraí poiblí comhpháirteach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, tá méadú seasta tagtha ar an gClár Trédhearcachta agus é anois ina scéim thrípháirteach arna bunú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

In 2024, is amhlaidh a tháinig méadú ar líon iomlán na gcláraithe i gcomparáid le 2023. Bhí 13 118 n-ionadaí leasa cláraithe ann ag deireadh 2024.





Léirítear sa chairt thíos na hathruithe ar líon na gclárúchán nua, lena gcumhdaítear na hionadaithe leasa arna gclárú le linn tréimhse 12 mhí (an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024) agus a bhí fós gníomhach ag deireadh na tréimhse sin. Tá líon na gclárúchán nua in 2024 (2482) níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Fuair an Rúnaíocht 3 536 iarratas (+/- 10 n-iarratas in aghaidh an lae), rud a fhágann nár ghlac an Rúnaíocht ach le 70 % díobh sin tar éis scagadh a bheith déanta ag an Rúnaíocht, iarratais a ghníomhachtaigh sí ansin.




## 2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh dóibh

Faoi IIA, déantar na cláraithe a leagan amach ina dtrí phríomhchineál leasa dá ndéantar ionadaíocht, agus tá bandaí faisnéise airgeadais comhfhreagracha éagsúla ann atá infheidhme maidir le gach catagóir.





Roghnaigh na cláraithe na catagóirí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Comhairleachtaí gairmiúla | 518 |
| Gnólachtaí dlí | 73 |
| Sainchomhairleoirí féinfhostaithe | 128 |
| Cuideachtaí agus grúpaí | 3 488 |
| Comhlachais trádála agus ghnó | 2 636 |
| Ceardchumainn agus comhlachais ghairmiúla | 992 |
| Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí | 3 607 |
| Meithleacha machnaimh agus institiúidí taighde | 583 |
| Institiúidí acadúla | 336 |
| Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht d'eaglaisí agus do phobail reiligiúnacha | 48 |
| Comhlachais agus líonraí de na húdaráis phoiblí | 181 |
| Eintitis, oifigí nó líonraí arna mbunú ag tríú tíortha | 4 |
| Eagraíochtaí eile, eintitis phoiblí nó mheasctha | 524 |

## 3. Sonraí geografacha

Níl an Clár Trédhearcachta teoranta d'ionadaithe leasa atá bunaithe san Aontas, cé go n-oibríonn an grúpa is mó ó bhunaíocht sa Bheilg. Ós rud é, áfach, go ndéanann raon feidhme reachtaíocht agus bheartas an Aontais difear freisin do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí lasmuigh den Aontas, agus go mbíonn tionchar aige ar thrádáil agus ar chaidreamh seachtrach eile lasmuigh de na 27 mBallstát, léirítear an tionchar domhanda sin sa Chlár Trédhearcachta.




## 4. An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a cheadú

In 2024, ba é tacar sonraí comhdhlúite an chláir ar an tairseach sonraí Eorpach an 7ú tacar sonraí is mó a breathnaíodh i measc breis agus 1 800 000 tacar sonraí a foilsíodh ansin. Trí na tacair sonraí sin, is féidir le húsáideoirí an liosta de na daoine aonair atá creidiúnaithe chun rochtain a fháil ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa agus an liosta de na heintitis atá ar an gClár Trédhearcachta a íoslódáil (i bhformáid xml nó i bhformáid Excel); tá sonraí ar fáil ann a théann siar tamall de bhlianta anuas.

## VII. Conclúidí

In 2024, ba é an clár Trédhearcachta i gcónaí an uirlis faisnéise agus tagartha bhunriachtanach trínar féidir a bheith bord ar bhord leis na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar ar leibhéal an Aontais. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é gur tharla sé faoi dhianscrúdú, mar gheall ar thoghcháin Eorpacha 2024, agus leagadh béim ar ról ríthábhachtach na trédhearcachta ag an tráth cinniúnach seo.

Tháinig méadú ar líon iomlán na gcláraithe le linn na tréimhse, i gcomparáid le 2023. Tá líon na gclárúchán nua níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe seo. Fuair an Rúnaíocht líon suntasach iarratas, ar glacadh le 70 % díobh tar éis scagadh a bheith déanta ag an Rúnaíocht orthu, iarratais a gníomhachtaíodh ansin.

Le linn na bliana, d'fhéach an Rúnaíocht le trédhearcacht agus úsáideacht shuíomh gréasáin poiblí an Chláir a fheabhsú. Sheol sé ardán digiteach nua chun caighdeáin teicneolaíochta agus slándála nua-aimseartha a chomhlíonadh agus chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora. Áiríodh san ollchóiriú sin suíomh gréasáin poiblí nua agus timpeallachtaí cúloifige, atá beo ó thús 2024.

Ba bhliain ghnóthach í freisin ó thaobh phríomhghníomhaíochtaí na Rúnaíochta de, lena n-áirítear treoir bhreise a eisiúint, cúnamh deisce cabhrach agus múscailt feasachta, faireachán ar cháilíocht sonraí agus imscrúduithe.

Leanadh den treocht aníos ó thaobh líon na n-iarratas nua mar a léiríodh i sonraí na bliana seo caite in 2024. D'fhan an treocht ón mbliain seo caite maidir le cáilíocht fhoriomlán fheabhsaithe sonraí sa Chlár Trédhearcachta cobhsaí, de réir mar a leanann an Rúnaíocht de bheith rannpháirteach i gcleachtaí faireacháin rialta.